



Droichead - Ball Seachtrach a chur le Foireann Tacaíochta Gairmiúla - Earnáil Iar-bhunscoile

Ball Seachtrach a aimsiú chun dul ar FTG do scoile

I scoileanna nach féidir Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a bhunú as foireann na scoile féin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Is féidir le príomhoidí FTG a bhunú ag baint úsáide as meascán d'fhoireann na scoile féin agus ball seachtrach amháin. Caithfidh ball amháin den FTG ar a laghad a bheith ó scoil an Mhúinteora Nuacháilithe (MNC) féin.

Tá painéal de bhaill lánoilte FTG bunaithe ag an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead, baill atá toilteanach feidhmiú mar bhall seachtrach ar FTG i scoil eile. De ghnáth, d'oibrigh na baill FTG seo as lámha a chéile ar FTG a scoile féin agus tá taithí acu ar Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) a thacú tríd an bpróiseas Droichead.

Chun ball a fháil ón bPainéal Seachtrach, ba chóir do phríomhoide na scoile teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead trí ríomhphost a sheoladh chuig angie.grogan@oide.ie. Roghnóidh an príomhoide ball seachtrach FTG ón bpainéal ansin agus tabharfar cuireadh don bhall seachtrach sin dul ar FTG na scoile. Bunófar an roghnú ar chomhthéacs na scoile (Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach, DEIS, Bord Oideachais agus Oiliúna, Gaelcholáiste, Meánscoil Dheonach, Ag Foghlaim Le Chéile) agus gaireacht na scoile don bhall seachtrach.

Déanfar socruithe ag léibheál áitiúil na scoile chun rannpháirtíocht an bhaill sheachtraigh a éascú. A luaithe atá ceapachán an bhaill sheachtraigh deimhnithe agus aontaithe, is í an scoil Droichead atá freagrach as prótacail leis an mball seachtrach FTG maidir lena rannpháirtíocht sa phróiseas ag leibhéal na scoile a aontú.

An Ball Seachtrach ag obair mar bhall den FTG

Is féidir go mbeidh éagsúlacht idir an ról agus na freagrachtaí atá ag gach ball den FTG agus ag an bpríomhoide ó scoil amháin go scoil eile, agus dá bhrí sin, aontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas Droichead.

Próiseas comhoibritheach i gcónaí é tacú le MNC le linn a bpróisis Droichead. Bíonn ar

an mball seachtrach idirghníomhaíocht a dhéanamh leis an scoil roinnt uaireanta de ghnáth chun páirt a ghlacadh i gcomhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC, agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ionductaithe, cosúil le breathnóireacht ranga agus plé. Is féidir go n-áireofar i measc na n-idirghníomhaíochtaí sin - iarbhír agus/nó fíorúil - comhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC. Is féidir go bhféachfaidh an scoil óstach, i gcomhar leis an MNC agus leis an mball seachtrach, an bhféadfaí réimse gníomhaíochtaí ionductaithe m.sh. plé réamh-bhreathnóireachta agus plé iar-bhreathnóireachta, a dhéanamh ag baint úsáide as bogearraí/teicneolaíocht oiriúnach.

Am Scaoilte

Ba cheart don bhall seachtrach iarratas a chur isteach chuig angie.grogan@oide.ie don **Fhoirm Cheadaithe d'Am Scaoilte do Bhall Seachtrach** agus ríomhphost a fháil ón Rannóg Ionductúcháin Oide Droichead ina gceadaítear an t-iarratas sula ndeimhníonn siad sonraí deiridh leis an scoil óstach. Féadfaidh ball seachtrach leas a bhaint as suas le cúig huaire d'am scaoilte más gá. Ní bhainfear an t-am sin de leithdháileadh na scoile atá mar scoil óstach sa phroiseas. Caithfear am scaoilte a úsáid le linn na scoilbhliana a thugann an ball seachtrach tacaíocht don MNC. Ní féidir é a úsáid sa scoilbhliain dar gcionn.

An próiseas a thabhairt chun críche

Ní mór do gach ball den FTG, an ball seachtrach ina measc, a n-Oiliúint FTG a chríochnú go hiomlán sula sínítear an comhdhearbhú ar Fhoirm D.

Má tá aon cheist eile agat maidir leis an bpainéal seachtrach, seol ríomhphost chuig angie.grogan@oide.ie

